Intreo

# Do Threoir maidir lenár scéimeanna agus seirbhísí

# **Seirbhísí agus Tacaíochtaí d'Fhostóirí**

**Deireadh Fómhair 2022**

Tá an treoir seo curtha le chéile ag

An tAonad Seirbhísí do Chustaiméirí

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Ar mhaithe le treoir amháin iad na mínithe agus na téarmaí a úsáidtear sa treoir seo agus ní léirmhíniú dlíthiúil iad.

# Eolas faoin treoir seo

Is é Intreo seirbhís fostaíochta poiblí na hÉireann de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí. Tugtar léargas ginearálta gearr sa leabhrán seo ar an réimse fairsing tacaíochtaí agus scéimeanna a chuireann Intreo ar fáil duit mar fhostóir.

Tá sé chuid sa treoir seo:

1. Seirbhís Intreo agus conas is féidir leis cabhrú leat
2. Tacaíochtaí earcaíochta
3. Tacaíochtaí airgeadais
4. Tacaíochtaí inrochtaineachta
5. Teagmhálaithe agus naisc áisiúla
6. Conas teagmháil a dhéanamh linn

# Teacht ar eolas breise

Cuirtear naisc dhíreacha ar fáil i ngach cuid den treoir seo leis na scéimeanna agus na seirbhísí a luaitear. Chun teacht ar eolas faoinár scéimeanna agus seirbhísí go léir, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/dsp**

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh, chomh maith, le d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil. Is féidir leat teacht ar ainm agus seoladh d'Ionaid Intreo nó d'Oifige Leasa Shóisialaigh áitiúla trí chuairt a thabhairt ar **www.gov.ie/intreo**

Is féidir leat ríomhphost a sheoladh freisin chuig Oifigeach Caidrimh idir Fostóirí ag **employer@welfare.ie**

# Clár Ábhar

Eolas faoin treoir seo ..... 3

1. Seirbhís Intreo agus conas is féidir leis cabhrú leat..... 5

2. Tacaíochtaí earcaíochta..... 7

3. Deontais agus tacaíochtaí airgeadais.....11

4. Tacaíochtaí inrochtaineachta ..... 15

5. Teagmhálaithe agus naisc áisiúla ..... 18

6. Teagmháil a dhéanamh linn..... 22

# 1. Seirbhís Intreo agus conas is féidir leis cabhrú leat

## Réamhrá

Pointe teagmhála aonair is ea Intreo do gach tacaíocht fostaíochta agus ioncaim agus tá sé mar chuid den Roinn Coimirce Sóisialaí. Cuireann sé seirbhísí agus tacaíochtaí d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist ar fáil.

Is féidir linn cabhrú leat trí gach céim den phróiseas earcaíochta, an méid seo a leanas san áireamh:

- d'fholúntais a fhógairt saor in aisce;
- na hiarrthóirí is fearr a aimsiú duit;
- áiseanna a sceidealú agus a sholáthar d'agallaimh nuair is gá; **agus**
- Aonaigh Phost a eagrú.

Cuirimid seirbhísí eile ar fáil freisin chun cabhrú leat, an méid seo a leanas ina measc:

- ár láithreán gréasáin earcaíochta saor in aisce JobsIreland.ie;
- scéimeanna fostaíochta agus tacaíochtaí airgeadais;
- réimse tacaíochtaí airgeadais chun cabhrú leat daoine faoi mhíchumas a fhostú; **agus**
- Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta, Éire (EURES). Is féidir níos mó a fhoghlaim faoi EURES ar **leathanach 9**.

# 2. Tacaíochtaí earcaíochta

## Réamhrá

Cuirtear eolas ar fáil sa mhír seo duit faoinár dtacaíochtaí earcaíochta agus conas is féidir le foireann Intreo tacaíochtaí saincheaptha a chur ar fáil do do ghnólacht.

## JobsIreland.ie

Is é JobsIreland.ie seirbhís fógraíochta post agus earcaíochta saor in aisce ar líne Intreo d'fhostóirí agus cuardaitheoirí poist.

Is féidir leat an méid seo a leanas a dhéanamh ar JobsIreland.ie:

- d'fholúntais a fhógairt saor in aisce i measc líon mór iarrthóirí;
- sainchomhairle a fháil ar earcaíocht;
- cabhair a fháil chun clárú ar JobsIreland.ie; **agus**
- teacht ar eolas agus teagmhálaithe do sheirbhísí fostaíochta eile a sholáthraímid.

**Teacht ar eolas breise**

| | |
|---|---|
| Tabhair cuairt ar: | www.jobsireland.ie |
| Ríomhphost: | jobsireland@welfare.ie |
| Guthán: | (01) 248 1389 nó 0818 111 112 |

**Is féidir leat sinn a leanúint freisin ag**

@jobsireland

JobsIreland2

jobs-ireland

jobsireland.ie

JobsIreland.ie
Connecting Employers and Jobseekers

# Foirne Rannpháirtíochta Fostóirí Intreo

Oibríonn ár bhFoirne Rannpháirtíochta Fostóirí in Ionaid Intreo ar fud na tíre chun tacú leat ag gach céim den phróiseas earcaíochta. Áirítear leis na tacaíochtaí seo:

- comhairle a thabhairt duit ar thacaíochtaí agus seirbhísí;
- cabhrú le d'fholúntais a fhógairt;
- cabhrú leis na hiarrthóirí is fearr a aimsiú duit; **agus**
- agallaimh a sceidealú agus áiseanna agallaimh a sholáthar, nuair is gá.

Is féidir le príomhbhainisteoir tiomnaithe cuntas oibriú leat chun cabhrú leat freastal ar do riachtanais soláthair foirne reatha agus amach anseo.

**Teacht ar eolas breise**

Ríomhphost: employer@welfare.ie

Teagmháil: D'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil

Is féidir leat teacht ar ainm agus seoladh d'Ionaid Intreo nó d'Oifige Leasa Shóisialaigh áitiúla trí chuairt a thabhairt ar www.gov.ie/intreo

# Seirbhísí EmployAbility

Cuireann seirbhís EmployAbility a chuirtear ar fáil ar fud na tíre seirbhís tacaíochta fostaíochta ar fáil do dhaoine a bhfuil riocht sláinte, gortú nó breoiteacht orthu nó atá faoi mhíchumas. Mar fhostóir, is féidir leat comhairle fostaíochta a fháil agus fostaithe a earcú. Cuireann sé tacaíochtaí ar fáil duit agus do d'fhostaithe.

**Teacht ar eolas breise**

Tabhair cuairt ar: www.gov.ie/employability

# Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta (EURES)

Líonra seirbhísí fostaíochta é EURES atá i ngach tír san AE anuas ar an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis. Má tá deacracht agat foireann a earcú in Éirinn nó más mian leat cur le do bhonn scileanna, b'fhéidir go mbeidh EURES ábalta cabhrú leat.

Déanann comhairleoirí EURES:

- sainchomhairle saor in aisce a sholáthar faoi earcaíocht a dhéanamh san Eoraip;
- folúntais san Eoraip a fhógairt agus a chur chun cinn;
- rochtain a sholáthar do chuardaitheoirí poist i dtíortha eile an AE agus an LEE;
- tacaíochtaí airgeadais a chur ar fáil do chostais agallaimh agus athlonnaithe; **agus**
- liúntais oiliúna teanga a sholáthar.

**Teacht ar eolas breise**

| | |
|---|---|
| Tabhair cuairt ar: | www.gov.ie/EuresIreland |
| | www.euresireland.ie |
| Twitter: | @EURESireland |

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EURES

# 3. Deontais agus tacaíochtaí airgeadais

## Réamhrá

Tugtar eolas sa mhír seo duit faoin dá phríomhdhreasacht agus phríomhdheontas airgeadais is féidir leat a fháil:

- JobsPlus - scéim a sholáthraíonn dreasachtaí airgeadais duit chun deiseanna fostaíochta a chur ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach; **agus**
- Clár Socrúcháin Taithí Oibre - clár taithí oibre sé mhí do chuardaitheoirí poist idir 18 agus 65 bliain d'aois atá á mhaoiniú go hiomlán ag an Stát.

Cuirimid ar an eolas thú freisin ar conas a d'fhéadfaimis bheith in ann cabhrú leat más gá duit fostaithe a dhéanamh iomarcach.

## JobsPlus

Dreasacht fostóra é JobsPlus a spreagann thú agus a bhronnann luaíocht ort má fhostaíonn tú cuardaitheoir poist ar an mBeochlár. Íoctar dreasacht airgeadais €7,500 nó €10,000 leat gach mí i riaráistí i gcaitheamh tréimhse dhá bhliain.

Caithfidh an cuardaitheoir poist riachtanais JobsPlus a shásamh, cosúil le 30 uair sa tseachtain, ar a laghad, a oibriú.

**Teacht ar eolas breise**

| | |
|---|---|
| Tabhair cuairt ar: | www.gov.ie/jobsplus |
| Ríomhphost: | employer@welfare.ie |

# An Clár Socrúcháin Taithí Oibre (CSTO)

Is clár é An Clár Socrúcháin Taithí Oibre (CSTO) atá dírithe ar chuardaitheoirí poist atá idir 18 agus 65 bliain d'aois a bhfuil íocaíochtaí áirithe coimirce sóisialaí á bhfáil acu agus nach raibh ag obair le haghaidh sé mhí ar a laghad. Tá sé mar aidhm leis deiseanna taithí oibre a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist mar aon leis an deis scileanna nua a fhorbairt, trí oiliúint agus foghlaim i dtimpeallacht thacúil. Is 30 uair an chloig sa tseachtain le haghaidh sé mhí atá i gceist. Beidh na costais a bhaineann leis an gClár a reáchtáil á maoiniú ag an Stát agus gheobhaidh rannpháirtithe íocaíocht eile sa bhreis ar a n-íocaíocht coimirce sóisialaí gach seachtain.

Chun cáiliú, ní mór d'fhostóir na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- a bheith ag feidhmiú sa tseirbhís phríobháideach, phoiblí, státseirbhís nó sna hearnálacha pobail agus deonacha;
- a bheith cláraithe le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus ag feidhmiú in Éirinn;
- a bheith cláraithe le agus folúntais a fhógairt ar JobsIreland.ie;
- a bheith toilteanach tacú leis an rannpháirtí páirt a ghlacadh sna cúrsaí oiliúna agus foghlama cuí a mhaireann 60 uair an chloig agus beidh 20 uair an chloig díobh sin á gcreidiúnú nó á n-aithint ag an earnáil; **agus**
- a chinntiú nach mbíonn aon fhostaí eile nó aon iarfhostaí D(h)íláithriú mar gheall ar an socrúchán taithí oibre.

**Teacht ar eolas breise**

| | |
|---|---|
| Tabhair cuairt ar: | www.gov.ie/wpep |
| Cláraigh: | www.jobsireland.ie |

# Iomarcaíocht

Má iomarcaíochtaí i ndán do do ghnólacht, is féidir le Intreo cabhrú le d'oibrithe pleanáil chun cinn a dhéanamh tríd an méid seo a leanas a sholáthar:

- tacaíocht chun teacht ar dheiseanna post nua; **agus**
- comhairle ar dheiseanna oideachais agus oiliúna.

Mura féidir leat iomarcaíocht reachtúil a íoc, is féidir linn íocaíocht aonuaire a íoc go díreach le fostaithe faoin Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta. Lorgóimid an fiachas a aisghabháil uait (mar an bhfostóir) trí sceideal comhaontaithe aisíocaíochtaí.

**Teacht ar eolas breise**

| | |
|---|---|
| Tabhair cuairt ar: | www.gov.ie/redundancy |
| Ríomhphost: | redundancypayments@welfare.ie |
| Guthán: | 0818 111 112 |
| Seoladh: | An Rannóg Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta, Teach Gandon, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, D01 A361 |

# 4. Tacaíochtaí inrochtaineachta

## Réamhrá

Tugtar eolas sa mhír seo duit faoi na tacaíochtaí inrochtaineachta atá ar fáil. Áirítear leis na tacaíochtaí seo scéimeanna, seirbhísí agus deontais.

## An Scéim Fóirdheontais Pá

Cuireann an Scéim Fóirdheontais Pá tacaíocht airgeadais ar fáil d'fhostóirí san earnáil phríobháideach chun daoine faoi mhíchumas a fhostú. Ba cheart d'fhostaí 21 uair an chloig gach seachtain, ar a laghad, a oibriú a fhaide le 39 uair an chloig sa tseachtain, ar a mhéid.

**Teacht ar eolas breise**
Tabhair cuairt ar: www.gov.ie/wss

## An Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas

Tá mar chuspóir ag an Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas feasacht faoi mhíchumas a chruthú. Cabhraíonn an scéim leat oiliúint ar fheasacht ar mhíchumas a chur ar d'fhostaithe. Cuirtear an reachtaíocht ábhartha agus eolas faoi shaincheisteanna meabhairshláinte san áireamh ann. Tá cúnamh deontais a mhéid le €20,000 sa bhliain ar fáil d'fhostóirí.

**Teacht ar eolas breise**
Tabhair cuairt ar: www.gov.ie/dass

## An Scéim Deontais um Fhostaithe a Choinneáil

Tá an Deontas um Fhostaithe a Choinneáil ar fáil duit nuair a thagann breoiteacht, riocht, nó lagú ar dhuine de d'fhostaithe a dhéanann difear dá gcumas a bpost a dhéanamh.

You can use this funding to do many things such as:

- cóiríocht a aimsiú nó a athrú don fhostaí, ar nós d'oifig a dhéanamh níos inrochtana; **agus**
- oiliúint a sholáthar lena chur ar chumas d'fhostaí leanúint ag oibriú le d'eagraíocht sa phost céanna nó i bpost nua.

**Teacht ar eolas breise**
Tabhair cuairt ar: www.gov.ie/retentiongrant

## An Deontas um Oiriúnú Trealaimh san Ionad Oibre

Cuireann an Deontas um Oiriúnú Trealaimh san Ionad Oibre cistiú ar fáil i dtreo costas trealamh oibre má tá fostaí agat atá faoi mhíchumas nó a dtagann míchumas air/uirthi.

**Teacht ar eolas breise**
Tabhair cuairt ar: www.gov.ie/weag

## An Deontas do Léitheoir Pearsanta

Cuireann an Deontas do Léitheoir Pearsanta cistiú ar fáil do léitheoir pearsanta chun cabhrú le fostaithe dalla nó a bhfuil lagú amhairc orthu chun a gcuid oibre a dhéanamh. Níl sé ar fáil ach d'fhostaithe san earnáil phríobháideach agus tá sé ar fáil ar feadh fad uasta 640 uair an chloig sa bhliain. Is ionann seo agus thart ar obair lánaimseartha 18 seachtaine.

**Teacht ar eolas breise**
Tabhair cuairt ar: www.gov.ie/persreader

## An Deontais um Ateangaire ag Agallamh Poist

Cuireann an Deontas um Ateangaire ag Agallamh Poist cistiú ar fáil d'iarrthóirí ar a bhfuil moill éistigh lena cheadú dóibh ateangaire teanga chomharthaíochta a fhostú d'agallamh poist.

Iarrfaidh an cuardaitheoir poist ort a bhfoirm iarratais d'Ateangaire d'Agallamh Poist a shíniú agus a stampáil nuair a bheidh an t-agallamh ar siúl.

Is féidir cistiú a sholáthar freisin chun íoc as na costais a bhíonn ar ateangaire a fhostú chun cabhrú leat i rith thréimhse ionduchtúcháin an fhostaí.

**Teacht ar eolas breise**

Tabhair cuairt ar: www.gov.ie/interpretergrant
Ríomhphost: employer@welfare.ie

# 5. Teagmhálaithe agus naisc áisiúla

| Tacaíochtaí ón Roinn | Naisc ghréasáin agus sonraí teagmhála eile |
|---|---|
| **An Roinn Coimirce Sóisialaí** | Tabhair cuairt ar: www.gov.ie/dsp<br>Guthán: (01) 704 3000 |
| **Ionaid Intreo agus Oifigí Leasa Shóisialaigh** | Tabhair cuairt ar: www.gov.ie/intreo<br>Guthán: (01) 704 3000 |
| **Foirne Ranpháirtíochta Fostóirí Intreo** | Tabhair cuairt ar: www.gov.ie/EmployerRelationsContactList<br>Teagmháil: D'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil |
| **Deontais agus Tacaíochtaí Airgeadais agus Inrochtaineachta** | Tabhair cuairt ar: www.gov.ie/dsp<br>Teagmháil: D'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil |
| **EURES Éireann agus Comhairleoirí** | Tabhair cuairt ar: www.ec.europa.eu/eures/public/homepage<br>Ríomhphost: euresireland@welfare.ie |
| **JobsIreland.ie** | Tabhair cuairt ar: www.jobsireland.ie<br>Ríomhphost: jobsireland@welfare.ie<br>Guthán: (01) 248 1389 |
| **JobsPlus** | Tabhair cuairt ar: www.jobsplus.ie<br>Guthán: (071) 967 2616 |
| **Clár Socrúcháin Taithí Oibre (an CSTO)** | Tabhair cuairt ar: www.gov.ie/wpep<br>Teagmháil: D'fhoireann rannpháirtíochta fostóirí Intreo áitiúil. |

# Naisc eile

| Naisc eile a chuireann tacaíocht ar fáil duit | Láithreáin ghréasáin ar féidir leat níos mó a fhoghlaim orthu |
|---|---|
| **Rialtas na hÉireann**<br>Seo do thairseach lárnach chun teacht ar sheirbhísí rialtais ar líne. | www.gov.ie |
| **Generation Apprenticeship**<br>Eolas chun cabhrú leat glacadh le printíseach. | www.apprenticeship.ie |
| **Border People**<br>Is í an Chomhairle Aireachta Thuaidh/ Theas an lárphointe inar féidir leat teacht ar eolas ar mhaireachtáil agus ar oibriú ar theorainn oileán na hÉireann. Soláthraítear ann eolas ar ábhair cosúil le cánachas agus fostaíocht. | www.borderpeople.info |
| **Chambers Ireland**<br>An líonra gnó is mó in Éirinn. Is féidir leis cabhrú leat do ghnólacht a fhás i do phobal áitiúil. | www.chambers.ie |
| **An tSeirbhís um Fhaisnéis do Shaoránaigh**<br>Cuireann seo eolas ar fáil faoi fhostaíocht agus coimirce shóisialach. | www.citizensinformation.ie |
| **An Oifig um Chlárú Cuideachtaí**<br>Cuireann an oifig seo eolas ar fáil faoi chlárú ar chuideachtaí agus gnólachtaí Éireannacha. | www.cro.ie |
| **An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta**<br>Cuireann an Roinn seo tacaíochtaí ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). | www.enterprise.gov.ie |

# Naisc eile ar leanúint

| Naisc eile a chuireann tacaíocht ar fáil duit | Láithreáin ghréasáin ar féidir leat níos mó a fhoghlaim orthu |
|---|---|
| **Fiontraíocht Éireann**<br>Cuireann an eagraíocht seo eolas ar fáil chun cabhrú leat do ghnólacht a thosú agus a fhás. | www.enterprise-ireland.com |
| **Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann**<br>Is é BOOÉ an cumann náisiúnta ionadaíoch do na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna atá in Éirinn. | www.etbi.ie |
| **Guaranteed Irish**<br>Déanann an eagraíocht seo ionadaíocht do ghnólachtaí atá bunaithe in Éirinn. | www.guaranteedirish.ie |
| **Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)**<br>An eagraíocht ag a bhfuil an bhallraíocht ghnó is mó in Éirinn. | www.ibec.ie |
| **JobsIreland**<br>Láithreán gréasáin earcaíochta saor in aisce d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist. | www.jobsireland.ie |
| **Oifigí Fiontair Áitiúil**<br>Cuireann na hoifigí seo eolas agus tacaíocht ar fáil maidir le gnólacht a thosú nó a fhás in Éirinn. | www.localenterprise.ie |
| **An Coimisiún um Pá Íseal Déanann** an coimisiún seo moltaí a scrúdú agus a dhéanamh leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoin leibhéal cuí pá íosta náisiúnta agus ceisteanna gaolmhara. | www.lowpaycommission.ie |

# Naisc eile ar leanúint

| Naisc eile a chuireann tacaíocht ar fáil duit | Láithreáin ghréasáin ar féidir leat níos mó a fhoghlaim orthu |
|---|---|
| **An tÚdarás Náisiúnta Míchumais**<br>Cuireann an t-údarás seo eolas agus comhairle ar fáil faoi bheartas agus cleachtas a bhaineann le saol daoine faoi mhíchumas. | www.nda.ie |
| **Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí**<br>Cuireann an oifig seo eolas ar fáil faoi conas cloí le rialáil um chosaint sonraí chun sonraí a choimeád sábháilte. | www.dataprotection.ie |
| **An tÚdarás Pinsean**<br>Cuireann an t-údarás seo réimse cuimsitheach eolais agus ábhar treorach ar fáil chun cabhrú leat pinsin a thuiscint. Déanann siad scéimeanna pinsin ceirde, iontaobhais, Conarthaí Blianachta Scoir (RACanna) agus Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (PRSAanna) a rialáil freisin. | www.pensionsauthority.ie |
| **Na Coimisinéirí Ioncaim**<br>Cáin agus Custaim na hÉireann. | www.revenue.ie |
| **Comhlachas na nGnólachtaí Beaga**<br>Déanann an comhlachas seo ionadaíocht do ghnólachtaí ina bhfuil níos lú ná 50 fostaí. Cuireann sé eolas, imeachtaí, líonrú agus deiseanna oiliúna ar fáil. | www.sfa.ie |
| **Caidreamh san Ionad Oibre Cuirtear** eolas ar fáil faoi gach gné den timpeallacht chaidrimh fostaíochta | www.workplacerelations.ie |

# 6. Teagmháil a dhéanamh linn

## Cúram Custaiméirí

Tá foireann thiomnaithe Intreo, foirne Rannpháirtíochta Fostóirí, comhairleoirí EURES agus foireann cúraim custaiméirí JobsIreland ar fáil chun tacú leat.

## Glaoigh orainn

Glaoigh orainn ar (01) 704 3000 go gcuirfear i dteagmháil thú le:

- d'Ionad Intreo áitiúil;
- Foireann Rannpháirtíochta Fostóirí, nó
- Comhairleoirí EURES.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le foireann cúraim custaiméirí JobsIreland.ie go díreach trí ghlaoch ar (01) 248 1389 nó 0818 111 112

## Ar líne

**www.gov.ie/dsp**
**www.jobsireland.ie**

**@welfare_ie**
**@jobsireland**
**@euresireland**

**jobsireland2**

**dsp**
**jobs-ireland**

**jobsireland.ie**

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

Intreo

Seirbhísí Fostaíochta agus Tacaíochta
Employment and Support Services

00K 10-22

Deireadh Fómhair 2022